IORRAS

Cáineaḋ Breandán Mac Siulóir, Fód Duḃ, £15 san iomlán, nuair a fuarṫas ciontaċ é, ar ċúisiú ar lorraí gan ċáin a úsáid ar an 15ú agus an 18ú lá de Eanair anuraiḋ. Cáineaḋ £1 agus £1-10-0 é as gan ceadúnas tiomána a ḃeiṫ aige. Caiṫeaḋ amaċ cúis in éadan Seán S. Ó Gallċoḃair, Eaċléim, Fód Duḃ, as tiománaí gan ceadúnas a ḃeiṫ ar fostú aige. Dúirt an Garda Ó Tuaṫail, Fód Duḃ, go ḃfaca sé Mac an tSiúlóir ag dul isteaċ san lorraí agus ag cúlú ar feaḋ 20 slat, agus ag tiomáint bealaċ Eaċléim. Ċonaic sé é frío ḟuinneog stáisiún na nGardaí. Ḃí ainm an uainéar cláraiṫe ar ḋoras an lorraí. Ar an 18ú lá de Eanair, casaḋ an lorraí air in Tíreoin. agus d'aiṫniġ sé an tiománaí. Ag freagairt ceiste ó C. Loftus, ag cosaint, dúirt sé go raiḃ ḟios aige gur séanaḋ go raiḃ an lorraí in úsáid ar an dá ḋáta sin. Dúirt Breandán Mac an tSiúlóir, ag cosaint, naċ raiḃ Ó Gallċoḃair sa ḃaile ar an 15ú lá ná ar an 18ú lá, agus naċ raiḃ sé amuiġ leis an lorraí fán am sin. Dúirt Seán S. Ó Gallċoḃair leis an Ċúirt go raiḃ sé sa ḃaile ar an 15ú lá do Eanair. agus gur imiġ sé maidin an 16ú lá. Ní raiḃ an lorraí amuiġ le mó eolas ar an 15ú lá, adúirt sé.

Táṫar taréis feilm ṫalaiṁ ag Baile Cruaiḋe a ṫairiscint don Ċomairle Condae mar an ċéad ċampa do tincéirí insan ċondae. Tá an feilm seo ḋá reaċtáil ag Cumann ar ṁaiṫe le ainmiṫe le tamall, agus an tseaċtain seo caite, ċuaiġ Oifigeaċ Sláinte na Condae leis an uainéar, ag breaṫnú ar an ḟeilm, agus le féaċaint an ḃféadfaí forbairt a ḋéanaṁ air.

Ċuaiġ toscaireaċt ón Iarṫar ċuig an Aire Iompar agus Cumaċta. an tUasal Erscine Childers, tá coicís ó ṡin, faoi forbairt Inis Liar, mar calaport mór. Ḃí an toscaireaċt ag iarraiḋ forbairt ḃeag de timpeall £200,000 ar tús, rud a ḃeaḋ ag freastal go príṁḋa ar iascaċ agus ar roinnt tráċt tráċtála. Sé ḃarúil mórán insan ċeantar. má ḃíonn tionscail móra bunaiṫe insan ċeantar go ḃféadfá an Rialtas le poirt doiṁin-ḟarraige a ḃunú ag Inis Liar. Tá an t-uisce ċoṁ doiṁin ag an ṗointe seo go dtiġ leis an liner is mó ar farraige ṫeaċt isteaċ ann. Roinnt blianta ó ṡin, ṫáinig liner mór isteaċ le oiliṫriġ go dtí an cuan seo. Dá mbeaḋ fiú fánán beag ag Inis Liar, d'ḟéadfaḋ an caḃlaċ iascaireaċt a ḃeiṫ ag iascaireaċt gaċ lá. Ag iascaċ ó Ċaṫair na Mart, caiṫean siad fanaċt san ċuan cúpla aċ an seaċtain, tiosc naċ mbíonn uisce go leor nuair a ḃíos an lánṁara amuiġ.

Taisme naċ raḃ ró olc, buíoċas le Dia, a ṫárla do ċeaṫrar as Iorras nuair a ḃí siad ag dul ċuig damsa i gCaisleán a' Ḃarraiġ an tseaċtain seo ċaite agus ṡleaṁnaiġ an carr ag Aonaċ Beag agus ḃuail sé díreaċ isteaċ i mballa an droiċid ag … bainne agus ḃí na feilméaraí as Iorras lán tsásta leis an ċuairt.

Cúis bróin i gceanntar Ġaoṫ Sáile an scéala go ḃfuair Séamas Ó Muingile as Tulaċán Bán, Gaoṫ Sáile, bás go tobann i mBirmingham. Tugaḋ an corp na baile go teaċ pobail Duḃ Tuama an áit ar ġlac an tAṫair Gilbearraí, S.C., Gaoṫ Sáile, ⁊ ċuaiġ an soċraid on tséipéil go roilig Duḃ Ṫuama indiaiḋ Aifreann na Marḃ. Níṫear comḃrón le na ḋearṫáraċa agus le na ḋeirfiúr.

Ḃí dinnéar agus féasta ag Bantraċt na Tuaiṫe i Sáile mar ċuiṁniúċán ar iad a ḃeiṫ bliain ar obair. In Óstán Seafield a ḃí sé oiċe Ṡaṫairn agus ḃí na baill i láṫair coṁ maiṫ le daoine ó na craoḃaċa mór ṫimṫeall. Baineaḋ sult ar leiṫ as an oiċe. Mar aoí onóra ḃí an tAṫair Ó Mórḋa, S.C. Ag fáiltiú roiṁ na cuairteoirí dúirt Bean Donnċaḋa Uí Ṁurċaḋa. Uaċtarán, go raiḃ brón orṫa naċ raiḃ teaċtaí ó Éaċléim agus Corcloċ abálta ḃeiṫ i láṫair toisc an aimsear a ḃeiṫ go h-olc. Ar na daoine a ċeol ḃí Máire Ní Ḟaoiliġ, R. Nic Giolla Rí. O.S; C. Ní Ċaṫáin ⁊ Máire Ní Nialláin. Ar son na gcuairteoirí ṫug Seosaiṁín Ní Eaċráin, O.S., agus Áine Ní Ṡúilleaḃáin buíoċas do Ċraoḃ Sáile.

CILL ĊARṪA

Cúis ṁór bróin insan ṗaráiste agus ṫart timpeall, bás tobann Seán Mac Ḟionnlaoiċ, Leargán Mór, ag Ospidéal Naoṁ Columba, Na Cealla Beaga. Fear óg ab' ea é, agus ní raiḃ sé aċ cúpla lá insan ospidéal. Ṫáinig scéala a ḃáis tobann go maiṫ ar a ṫeaġlaċ agus ar a luċt aiṫeantais uiliġ. Mac é le Séamas Mac Ḟionnlaoiċ, naċ maireann, agus Bean Ṁic Ḟionnlaoiċ, agus ḃí sé ina ċónaí lena ḋeirfiúr, Máiréad ag Leargán Móir. Tugaḋ an corp na ḃaile ón ospidéal go Teaċ Pobail Naoṁ Cárṫa, Dé Máirt, agus ḃí antórraṁ ann Dé Céadaoine, indiaiḋ Aifreann na Marḃ, a léiġ an tAṫair D. Ó Luaḋóg, S.C. Labair Sagart na Paráiste, an Canónaċ Mac Ḟionnlaoiċ, S.P., faoi an ḟir ṁarḃ, taréis an Aifrinn. Ṫug sé árd ṁolaḋ dó, agus an ċaoi ar ċleaċta sé an Creideaṁ i gcónaí.

Ḃí ábar cainte faoi nuaíoċt Béarla a ḃí ar ċeann de na Páipéir Béarla i nDún na nGall, an tseaċtain seo caite, áit ar dúraḋ gur ceapaḋ duine darḃ ainm Mac Ḟionnlaoiċ, O.S., ina ṗríoṁ-oide ar scoil insan taoḃ ṫoir den ċondae. Dúraḋ go raiḃ sé le cúig bliana ina príoṁ-oide in Árainn Ṁór—níor cluineaḋ iomrá air ariaṁ in Árainn Ṁóir. Is cosúil naċ mbíonn an ḟírinne san nuaíoċt Béarla i gcónaí.

DOṀNAĊ PÁDRAIG

Cúis bróin do Ġaeltaċt Doṁnaċ Pádraig bás Ṁíċíl Seoiġe Dia hAoine na seaċtaine seo caite. D'ḟág sé Conamara oċt …

OBAIR SEASṀAĊ

"Má ṫeastaíonn uainn an teánga a sáḃáil agus más í an Ġaeltaċt foinse na teanga, caiṫfiḋ an Rialtas neart airgid a ċaiṫeaṁ léi," arsa an tUasal M. Ó Flaiṫearta ag cruinniú poiblí eagraiṫe ag Craoḃ na Carraige Duiḃe de Ċonraḋ na Gaeilge. "Cad tá i ndán don Ġaeltaċt?" ba ṫeideal dá léaċt.

"Caiṫfear obair ṡeasaṁaċ a ṫaḃairt gan ṁoill do ṁuintir na Gaeltaċta ċun na daoine a ċoinneáil sa mbaile," ar seisean.

Nuair a ḃí an léaċt ṫart riteaḋ agus glacaḋ leis an dá rún seo a leanas: "Go n-iarrann an cruinniú seo ar ċinnirí an Ċonarṫa a ḃfuil raite acu faoin bPáipéar Bán a ṫarraingt siar go mbeiḋ deis ag an gConnraḋ i gcoitinn é a léaṁ agus a ṁeas"; agus "Go ḃfuil an cruinniú seo ṫar a ḃeiṫ miṡásta leis an bPáipéar Bán. go háiriṫe ċoṁ fada is a ḃaineann sé le sáḃáil na Gaeltaċta, mar níl aon plean cinnte ann faoi, agus go n-éilíonn muid ar an Rialtas plean cinnte a ċeapaḋ ar an dtoirt, ċun an Ġaeltaċt agus an teanga a ċur ar ḃealaċ a sáḃála."

Piaras Ó Gréaġáin,
Rúnaí Oin.

CONNRAḊ NA GAEILGE

I GCORCAÍ

Áras an Ċraoiḃín,
13 Paráid na Dige,
Corcaiġ.
Eanair 26. 1965.

A ċara,

Fé mar a léiríoḋ go poiblí ċeana, tá Coiste agus baill na Craoiḃe seo de Ċonraḋ na Gaeilge mí-ṡásta agus buarṫa fé'n éigcinnteaċt agus an easpa beartaíoċta atá ag baint leis an bPáipéar Bán. Gan tráċt ar na moltaí leaṁa leibideaċa i dtaoḃ na Stát-Seirḃíse, don easpa moltaí maidir leis an gCóras oideaċais agus do scata easnaiṁ eile atá ró-líonṁar le háireaṁ, is cinnte gurab é caiḋp an ḃáis atá dá ṡíneaḋ ċun na Gaeltaċta an babta so. Ní beag san de ḋamnú air. mar Ṗáipéar.

Ní haon ionntas é, más ea, más mór an crá dúinn an ráiteas oifigiúil ag molaḋ an Ṗáipéir Báin a h-eisioḋ ṫar ċeann an Ċonarṫa amaċ ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Dearḃaímíde naċ ḃfuilimíd rannpáirteaċ san molaḋ sin, agus gur mian linn, leis seo, agóid a ḋéanaṁ i gcoinniḃ ar deineaḋ, agus. d'aon iarraċt, ainm Ċraoḃ an Ċraoiḃín. i gCorcaiġ, a ḋíċeangailt ón ráiteas oifigiúil ċéanna.

Is mise, le meas ort,
Séamas Ruiséal, rúnaí.

AN ROINN OIDEAĊAIS—BRAINSE AN ĠAIRMOIDEAĊAIS

AN DOCTÚIR Ó RIAIN I gCEANNAS N[A] GAEILGE

COISTE COṀAIRLIṪEAĊ LE CABRÚ LEIS

On Dr. Ó Riain, an tAire a ḃéas go speisialta i mbun feiḋmniú cibé moltaí atá insan Ṗáipéar Bán.

Beiḋ mar gnó speisialta air, có oirdniú a ḋéanaṁ idir iarraċtaí na n-Airí eile agus an plean ginearálta a ċur i ḃfeiḋm.

Bunófar Coiste Comairliṫeaċ ċun comairle a ṫaḃairt don Aire ar an dóiġe is fearr ar féidir feaċtas aontaiṫe a feiḋmniú.

Dúirt an tUasal Ó Riain … raiḃ sé beartaiṫe an Coiṁ… Comairleaċ a luaitear i Min… den Ṗáipéar Bán a ċur ar … go lua. Dar leis gurḃ é se… ċaoi ab' fearr ċun teaċt ar … eaċ ar aon ábar aṁrais … ċun tuairimí a cintiú faoin … is éifeaċtaí le moltaí áiṫrid… ċur i ḃfeiḋm.

Deir an tUasal Ó Riain … míníoḋ i reiṁ-rá an Pái[péar] Báin, naċ ḃfuil ar ċumas … Rialtais uaṫa féin aṁáin, … faoḃ a ḃaineas le aṫbeoċain … Gaeilge a ráiteaċ,

GLEANN COLMCILLE

Ḃí na sean lampaí agus coinnle amaċ frío Gleann Colmcille maidin Dé Doṁnaiġ agus oiċe Ṡaṫairn, nuair a briseaḋ an sruṫ leictreaċas.

Tús na seaċtaine ḃí an farraige níos tógṫa ná ċonaċtas uair ar biṫ san ċéad bliain seo, ⁊ ag Málainn Beag, Málainn Mór agus an Gleann, ḃí na tonnaí ag dul céad troiġ san aer. Ċiúiniġ sé síos go maiṫ Dé Máirt, agus ḃíoṫar abálta tárṫúil a ṫaḃairt ar luċt tiṫe soluis ar Oileán Raṫlainn Ó Beirn. Aċ. dúirt siad gurḃ sin an aistir ba ṁeasa a ḃí acu le fada, cé naċ ḃfuil sé aċ trí ṁíle ó Ṁálainn Beag go dtí an toileán. Ḃí sé ceiṫre lá taréis an ama don aṫrú.

Briseaḋ an fánan agus siobaḋ ar siúl píosaí de ag Málainn Mór, leis an ḟarraige tógṫa. Ní hé aṁáin go raiḃ na tonnaí ag éirí na céad troiġ san aer, aċ leis an gála gaoiṫe móire. síobaḋ an caṫaḋ cúig ṁíle isteaċ frío an tír.

Ag béal Abainn Murlainn, ag dúṫaiġ Dún Alt. siobaḋ ar ṡiúl dúṁaċa móra gaiṁṁe, agus tugaḋ ar ṡiúl rud mór gainiṁ ó Trá an Airgid, agus cárnaḋ suas é na ḃruaċa millteanaċa ar aġaiḋ na ḃfailltreaċa.

Ag an cruinniú cinnbliana de Cumann Ġleann Ċolmcille den A.O.H. in halla Naoṁ Columba, toġaḋ: An tUaċtarán, An Dr. P. Ó hEigeartaiġ, Málainn Mór; leas-uaċtarán. Seán Mac Giolla Easpaig, Dún Alt; rúnaí, An Dr. D. Bac Craig, Corrán; cisteoir, Seán Ó Beirn, Caiseal; Rúnaí Airgeadais. S. S. Ó Garḃa, Mín na Croise.

Ag cluiċe mór "25" in hala Naoṁ Ṗádraic, fá ċoinne cóiriú Teaċ Pobail Naoṁ Columba, fuair Seán Ó Baoill, Cill Cárṫa. 1ú duais. £15; P. S. Ó Gaḋra, Cróḃ, an dara duais, £10. agus Pádraic Mac Gonagaill, an 3ú duais. £5.

Ag an imċluiċe fuist seaċtaiṁúil in halla Ṁuire. Caiseal, fuair Peadar Mac Giolla … paiġ, Cill an Ḟad, an ċéad … agus ar na duaiseoirí eile … Proinnsias Ó Cuinneagáin, … eaṁ. Seán Ó Cuinneagáin, … eal; B. Ní Ḃaoill. Seán … Guiḋir, Droim; Proinnsias … Cuinneagáin, Carraiġ.

Ḃí Tomás Ó Donnċú, … uaċtarán, i gceannas ag an … inniú cinn-ḃliana de Cum… Staonaċais Ġleann Ċolmcill… halla Ṁuire, Caiseal, tráṫ… Dé Doṁnaiġ. Agus ar na da… eile i láṫair, ḃí Róisín Nic Ḟ[ionn]-laoiċ, agus an rúnaí, Ca… Ní Ċurráin. O.S., Mín na Cr… ċoṁ maiṫ le slua mór ball. … cúig ball nua i gcaiṫeaṁ … bliana, agus 9 probationers. … méadú mór i rannóg na … Tugaḋ focal buíoċas ar leiṫ … comairleoir stioradálta, … tAṫair Mac Duiḃir, S.C. … cruinniú gaċ dárna mí. ag … aiġ le mí Márta, ar an … Doṁnaċ den mí. Toġaḋ To[más] Ó Donnaċú. leas-uaċtarán, … uaċtarán; Bernadette … Ḟionnlaoiċ, Cill an Ḟad, … Áine P. Nic Ḟionnlaoiċ. … Loċair a' Ṫoirc, mar rúnaí … cisteoir; Séamas Ó Baoill, … an Ḟad, leas-uaċtarán. … Séamas Mac Giolla Ċea… Sraiṫ Ḃuí, mar ionadaí do … nóg na n-óganaċ do scoil ċe… ar Ṁálainn Beag. Seán Ó C… nái", do scoil ċeantar Ṁá[lainn] Ṁór, agus Máire Bean Uí … eáin, O.S., agus Caitlín Ní … ráin, O.S. do ċeantair Ca[iseal] agus Mín na Croise.

Coṁġáirdeaċas le Antoin[e] Beirne. O.S., príoṁ-oide … náisiúnta Naoṁ Seosaṁ, … Adam, Co. Laois, atá tóġṫa … ina rúnaí ar Bord Condae L[aoise] do Ċumann Lúṫ Ċleas Gael, … éis an Ċoṁḋáil bliantúil i … -Laoise Dé Doṁnaiġ seo c… Mac é do Ṗádraic Ó Beirne … Bean Uí Ḃeirn, Mín na Cro[ise]. Ḃí baint aige le Cumann … Ċleas Gael óna óige, mar … reoir agus mar rúnaí do … ann Ġleann Colmcille.

COISTE OIDEAĊAIS ĠAIRME BEAṪA ĊONNDAE NA GAILL[ṀE]

GAIRM SCOIL ṀIC DARA, CÁRNA, CO. NA GAILLIṀE.